# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2022

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Ceol

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## ROINN A – CUMADÓIREACHT SÉISE (50 marc)

| C | Tuairiscíní | Marc |
|---|---|---|
| 1 | • Tá stíl agus samhlaíocht shármhaith ag séis agus rithim<br>• Sárthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Sárfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Sárthuiscint ar threo agus ar bhuaicphointe<br><br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 49 – 50<br>46 – 48<br>43 – 45 |
| | • Tuiscint an-mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint an-mhaith ar chruth agus ar struchtúr<br>• Forbairt an- mhaith ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint an- mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br><br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 41 – 42<br>38 – 40<br>35 – 37 |
| | • Tuiscint mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint mhaith ar chruth agus ar struchtúr<br>• Forbairt mhaith ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br><br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 33 – 34<br>30 – 32<br>27 – 29 |
| | • Tuiscint réasúnta ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint réasúnta ar chruth agus ar struchtúr<br>• Forbairt réasúnta ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint réasúnta ar threo agus ar bhuaicphointe<br><br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 25 – 26<br>22 – 24<br>19 – 21 |
| | • Drochábhar séiseach agus rithimeach<br>• Drochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Drochfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Drochthuiscint ar threo<br><br>*Comharthaí seanma míchuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis mhí-oiriúnach roghnaithe.* | 17 – 18<br>14 – 16<br>11 – 13 |
| | • Fíor-dhrochábhar séiseach agus rithimeach<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Fíor dhrochfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar threo<br>*Níor cuireadh aon chomharthaí seanma (míriú agus dinimic) isteach*<br>*Níor roghnaíodh aon uirlis.* | 9 – 10<br>6 – 8<br>3 – 5 |
| | • Gan aon iarracht nó fíorbheagán iarrachta | 1 – 2<br>0 |

| C | Tuairiscíní | Marc |
|---|---|---|
| 2 | • "Ceangal" sármhaith idir focail agus ceol<br>• Stíl agus samhlaíocht shármhaith<br>• Sárthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Sárthuiscint ar threo agus ar bhuaicphointe<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach* | 49 – 50<br>46 – 48<br>43 – 45 |
| | • "Ceangal" an-mhaith idir focail agus ceol<br>• Tuiscint an-mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint an-mhaith ar chruth agus ar struchtúr<br>• Tuiscint an-mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach* | 41 – 42<br>38 – 40<br>35 – 37 |
| | • "Ceangal" mhaith idir focail agus ceol<br>• Tuiscint mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint mhaith ar chruth agus ar struchtúr<br>• Tuiscint mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach* | 33 – 34<br>30 – 32<br>27 – 29 |
| | • "Ceangal" réasúnta idir focail agus ceol<br>• Tuiscint réasúnta ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint réasúnta ar chruth agus ar struchtúr<br>• Tuiscint réasúnta ar threo agus ar bhuaicphointe<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach* | 25 – 26<br>22 – 24<br>19 – 21 |
| | • "Drochcheangal" idir focail agus ceol<br>• Drochábhar séiseach agus rithimeach<br>• Drochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Drochthuiscint ar threo<br>*Comharthaí seanma míchuí (míriú agus dinimic) curtha isteach* | 17 – 18<br>14 – 16<br>11 – 13 |
| | • "Fíor-dhrochcheangal" idir focail agus ceol<br>• Fíor-dhrochábhar séiseach agus rithimeach<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar threo<br>*Níor cuireadh aon chomharthaí seanma (míriú agus dinimic) isteach* | 9 – 10<br>6 – 8<br>3 – 5 |
| | • Gan aon iarracht nó fíorbheagán iarrachta | 1 – 2<br>0 |
| | Gan téacs curtha isteach | 0 |

| C | Tuairiscíní | Marc |
|---|---|---|
| 3 | • Coinnítear iomláine rithimeach an damhsa go sármhaith<br>• Tá stíl agus samhlaíocht shármhaith ag séis agus rithim<br>• Sárthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Sárfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Sárthuiscint ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• Cloítear go sármhaith leis an struchtúr tugtha<br>• D'éirigh leis an modhnú<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 49 – 50<br>46 – 48<br>43 – 45 |
| | • Coinnítear iomláine rithime an damhsa go han-mhaith<br>• Tuiscint an-mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint an-mhaith ar chruth agus ar struchtúr<br>• Forbairt an- mhaith ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint an- mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• Cloítear go han-mhaith leis an struchtúr tugtha<br>• D'éirigh leis an modhnú<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 41 – 42<br>38 – 40<br>35 – 37 |
| | • Iarracht mhaith chun rithim an damhsa a choinneáil<br>• Tuiscint mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint mhaith ar chruth agus ar struchtúr<br>• Forbairt mhaith ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• Cloítear go maith leis an struchtúr tugtha<br>• Modhnú neamhdheimhnithe<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 33 – 34<br>30 – 32<br>27 – 29 |
| | • Iarracht réasúnta chun rithim an damhsa a choinneáil<br>• Tuiscint réasúnta ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint réasúnta ar chruth agus ar struchtúr<br>• Forbairt réasúnta ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint réasúnta ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• Cloítear go réasúnta leis an struchtúr tugtha<br>• Níor éirigh le modhnú<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 25 – 26<br>22 – 24<br>19 – 21 |
| | • Drochfheasacht ar rithim damhsa<br>• Drochábhar séiseach agus rithimeach.<br>• Drochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Drochfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Drochthuiscint ar threo<br>• Cloítear go dona leis an struchtúr tugtha<br>• Níl aon iarracht déanta ar mhodhnú<br>*Comharthaí seanma míchuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis mhí-oiriúnach roghnaithe.* | 17 – 18<br>14 – 16<br>11 – 13 |
| | • Fíor-dhrochfheasacht ar rithim damhsa<br>• Fíor-dhrochábhar séiseach agus rithimeach.<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Fíor dhrochfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar threo<br>• Cloítear go han-dona leis an struchtúr tugtha<br>• Níl aon iarracht déanta ar mhodhnú<br>*Níor cuireadh aon chomharthaí seanma (míriú agus dinimic) isteach*<br>*Níor roghnaiodh aon uirlis.* | 9 – 10<br>6 – 8<br>3 – 5 |
| | • Gan aon iarracht nó fíorbheagán iarrachta | 1 – 2<br>0 |

**ROINN B – ARMÓIN (50 marc)**

<table>
<tr><th>C</th><th></th><th>Tuairiscíní</th><th colspan="2">Marc</th></tr>
<tr><td rowspan="9">4</td><td rowspan="7">Séis</td><td>• Stíl agus samhlaíocht shármhaith<br>• Feasacht shármhaith ar an ngléas agus ar an mbunstruchtúr armónach<br>• Sárfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Sárthuiscint ar threo agus ar bhuaicphointe</td><td>32 – 33<br>30 – 31<br>28 – 29</td><td rowspan="7">33</td></tr>
<tr><td>• Stíl agus samhlaíocht an- mhaith<br>• Feasacht an- mhaith ar an ngléas agus ar an mbunstruchtúr armónach<br>• Forbairt an- mhaith ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint an- mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe</td><td>27<br>25 – 26<br>23 – 24</td></tr>
<tr><td>• Stíl agus samhlaíocht mhaith<br>• Feasacht mhaith ar an ngléas agus ar an mbunstruchtúr armónach<br>• Forbairt mhaith ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe</td><td>22<br>20 – 21<br>18 – 19</td></tr>
<tr><td>• Stíl agus samhlaíocht réasúnta<br>• Feasacht réasúnta ar an ngléas agus ar an mbunstruchtúr armónach<br>• Forbairt réasúnta ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint réasúnta ar threo agus ar bhuaicphointe</td><td>17<br>15 – 16<br>13 – 14</td></tr>
<tr><td>• Drochstíl agus samhlaíocht<br>• Drochfheasacht ar an ngléas agus ar an mbunstruchtúr armónach<br>• Drochfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Drochthuiscint ar threo agus ar bhuaicphointe</td><td>12<br>10 – 11<br>8 – 9</td></tr>
<tr><td>• Fíor dhrochstíl agus samhlaíocht<br>• Fíor dhrochfheasacht ar an ngléas agus ar an mbunstruchtúr armónach<br>• Fíor dhrochfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Fíor dhrochthuiscint ar threo agus ar bhuaicphointe</td><td>7<br>5 – 6<br>3 – 4</td></tr>
<tr><td>Gan aon iarracht nó fíorbheagán iarrachta</td><td>2<br>1<br>0</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Dord</td><td>0.5 marc in aghaidh an dordnóta atá ceart faoi gach siombail chorda (0.5 X 20)<br>(Tuinairde cheart san áit cheart ar bhonn rithimeach)</td><td>10</td><td rowspan="2">17</td></tr>
<tr><td>Cáilíocht na dordlíne, lena n-áirítear tuiscint ar cheolmhaireacht, feasacht ar stíl, agus eolas teicniúil<br><br><table><tr><th>Caighdeán na Dordlíne</th><th></th></tr><tr><td>• Dordlíne shármhaith<br>• Feasacht shármhaith ar stíl</td><td>7</td></tr><tr><td>• Dordlíne an-mhaith<br>• Feasacht an-mhaith ar stíl</td><td>6</td></tr><tr><td>• Dordlíne mhaith<br>• Feasacht mhaith ar stíl</td><td>4 - 5</td></tr><tr><td>• Dordlíne réasúnta<br>• Feasacht réasúnta ar stíl</td><td>2 - 3</td></tr><tr><td>• Droch dhordlíne<br>• Drochfheasacht ar stíl</td><td>0 - 1</td></tr></table></td><td>7</td></tr>
</table>

<table>
<tr><th>C</th><th></th><th>Tuairiscíní</th><th colspan="2">Marc</th></tr>
<tr><td rowspan="4">5</td><td rowspan="2">Cordaí</td><td><ul><li>1 marc do gach corda ar chuid de réimniú maith é i mboscaí corda 1, 2, 4, 5, 6, 7, 9, 10, 11, 12, 13, 15, 16, 19, 20, 21, 22 agus 23</li><li>0.5 marc do gach corda ar chuid de réimniú maith é i mboscaí corda 3, 8, 14, 17, 18 agus 24</li></ul></td><td>18<br>+<br>3</td><td rowspan="2">30</td></tr>
<tr><td>Cáilíocht na réimnithe ceoil i stíl na hoscailte tugtha
<table>
<tr><th>Cáilíocht na Réimnithe Cordaí</th><th></th></tr>
<tr><td>Réimnithe cordaí sármhaithe</td><td>8 – 9</td></tr>
<tr><td>Réimnithe cordaí an-mhaith</td><td>6 – 7</td></tr>
<tr><td>Réimnithe cordaí maithe</td><td>4 – 5</td></tr>
<tr><td>Réimnithe cordaí réasúnta</td><td>2 – 3</td></tr>
<tr><td>Drochréimnithe cordaí</td><td>0 – 1</td></tr>
</table></td><td>9</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Dord</td><td>0.5 marc in aghaidh an dordnóta atá ceart faoi gach siombail corda atá ceart</td><td>12</td><td rowspan="2">20</td></tr>
<tr><td>Cáilíocht na dordlíne, lena n-áirítear tuiscint ar cheolmhaireacht, feasacht ar stíl, agus eolas teicniúil
<table>
<tr><th>Caighdeán na Dordlíne</th><th></th></tr>
<tr><td><ul><li>Dordlíne shármhaith</li><li>Feasacht shármhaith ar stíl</li></ul></td><td>8</td></tr>
<tr><td><ul><li>Dordlíne an-mhaith</li><li>Feasacht an-mhaith ar stíl</li></ul></td><td>6 – 7</td></tr>
<tr><td><ul><li>Dordlíne mhaith</li><li>Feasacht mhaith ar stíl</li></ul></td><td>4 – 5</td></tr>
<tr><td><ul><li>Dordlíne réasúnta</li><li>Feasacht réasúnta ar stíl</li></ul></td><td>2 – 3</td></tr>
<tr><td><ul><li>Droch dhordlíne</li><li>Drochfheasacht ar stíl</li></ul></td><td>0 – 1</td></tr>
</table></td><td>8</td></tr>
</table>

**Cordaí:** bronntar marcanna ar an gcéad dul síos ar chordaí cearta inghlactha. Tá sé seo i gcomhthéacs (i) an corda in oiriúint do líne na séise ag an bpointe sin (i.e. go dtí an chéad athrú eile ar chorda a léirítear le bosca) (ii) an corda roimhe sin agus (iii) an corda a thagann ina dhiaidh.

**Cáilíocht corda:** Bronntar marcanna anseo ar cháilíocht cheoil na réimnithe foriomlán a roghnaíodh. Cé go mb'fhéidir gur roghnaigh an t-iarrthóir cordaí a "d'oibrigh" ag pointe ar bith, b'fhéidir go raibh roghanna níos fearr ann. Más é sin an cás, léireofar sin sa mharc do cháilíocht an chorda.

**Réimnithe Cordaí – Pointí ginearálta**
Ní ghlacfar leis an gcorda céanna i mboscaí le hais a chéile murar athraíodh an dord nó murar cuireadh 7aigh isteach
Ní mór go mbeadh an seachtrán agus an iarmhír, nuair is ábhartha iad, go hiomlán ceart ionas go mbronnfar marc
**Ní bhronnfar marcanna as cordaí go haonaránach. Ní mór go mbeadh cordaí mar chuid de réimniú maith.**

1. Ní ghlactar le $V^7$ - V
2. Ní mór go ginearálta do I a bheith i ndiaidh Vb nó $V^7$b
3. Ní ghlactar go ginearálta le V – ii
4. Ní ghlactar le ii – I go hiondúil ach amháin mar chur chuige i dtaca le Ic i ndúntach 6/4
5. Ní mór go mbeadh dúntach 6/4 ar an gceann is láidre den dá bhuille agus ag pointe dúnta
6. Ní mór go mbeadh seachtaigh tánaisteacha, má úsáidtear iad, in úsáid mar is ceart i.e. ní foláir go mbíonn corda a fhréamh ceathrach níos airde ina ndiaidh

**Dordlíne**
Gan aon dúbailt ar mhórthréach faoi shiombail corda

| C | | Tuairiscíní | Marc | |
|---|---|---|---|---|
| 6 | Cordaí | • 1 mharc as gach corda a oireann don tséis agus ar cuid de réimniú maith cordaí é i mboscaí cordaí 1, 2, 3, 4, 6, 7, 8, 10, 11, 12, 13, 16, 17 agus 18<br>• 0.5 mharc as gach corda a oireann don tséis agus ar cuid de réimniú maith cordaí é i mboscaí cordaí 5, 9, 14, 15, 19 agus 20 | 17 | **17** |
| | Forshéis | • Líne forshéise shármhaith laistigh den chreat armónach<br>• Cloítear go sármhaith le stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha | 32 – 33<br>30 – 31<br>28 – 29 | **33** |
| | | • Líne forshéise an-mhaith, laistigh den chreat armónach<br>• Cloítear go han-mhaith le stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha | 27<br>25 – 26<br>23 – 24 | |
| | | • Líne forshéise mhaith, laistigh den chreat armónach<br>• Cloítear go maith le stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha | 22<br>20 – 21<br>18 – 19 | |
| | | • Líne forshéise réasúnta, laistigh den chreat armónach<br>• Cloítear go réasúnta le stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha | 17<br>15 – 16<br>13 – 14 | |
| | | • Drochlíne forshéise, laistigh den chreat harmónach<br>• Cloítear go dona le stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha | 12<br>10 – 11<br>8 – 9 | |
| | | • Fíor dhrochlíne forshéise, laistigh den chreat armónach<br>• Cloítear go fíordhona le stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha | 7<br>5 – 6<br>3 – 4 | |
| | | • Gan aon iarracht nó fíorbheagán iarrachta | 2<br>1<br>0 | |

| | Tuairiscíní | Marc | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | • Sárleibhéal cruthaitheachta agus úrmhaireachta<br>• Sárthuiscint ar phrionsabail na cumadóireachta /an ionstraimithe / an chóiriúcháin.<br>• Nodaireacht oiriúnach<br>• Cur síos thar cionn ar phróiseas na cumadóireachta | 85 – 100 | 100 |
| | • Leibhéal an-mhaith cruthaitheachta agus úrmhaireachta<br>• Tuiscint an-mhaith ar phrionsabail na cumadóireachta / an ionstraimithe /an chóiriúcháin.<br>• Nodaireacht oiriúnach<br>• Cur síos an-mhaith ar phróiseas na cumadóireachta | 70 – 84 | |
| | • Leibhéal maith cruthaitheachta agus úrmhaireachta<br>• Tuiscint maith ar phrionsabail na cumadóireachta / an ionstraimithe /an chóiriúcháin.<br>• Nodaireacht oiriúnach<br>• Cur síos maith ar phróiseas na cumadóireachta | 55 – 69 | |
| | • Leibhéal réasúnta cruthaitheachta agus úrmhaireachta<br>• Tuiscint réasúnta ar phrionsabail na cumadóireachta / an ionstraimithe /an chóiriúcháin.<br>• Nodaireacht oiriúnach<br>• Cur síos réasúnta ar phróiseas na cumadóireachta | 40 – 54 | |
| | • Drochleibhéal cruthaitheachta agus úrmhaireachta<br>• Drochthuiscint ar phrionsabail na cumadóireachta / an ionstraimithe /an chóiriúcháin.<br>• Nodaireacht easnamhach<br>• Droch chur síos ar phróiseas na cumadóireachta | 25 – 39 | |
| | • Fíor-dhrochleibhéal cruthaitheachta agus úrmhaireachta<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar phrionsabail na cumadóireachta / an ionstraimithe/an chóiriúcháin.<br>• Nodaireacht easnamhach<br>• Fíor-dhroch chur síos ar phróiseas na cumadóireachta | 10 – 24 | |
| | • Fiorbheagán iarracht no gan aon iarracht deanta | 0 – 9 | |

## Nótaí Ginearálta do Scrúdaitheoirí

**1.** Marcáil cáilíocht fhoriomlán na ráiteas/an chuir síos.

**NB Ní féidir marcanna iomlána a bhronnadh ach le haghaidh ráiteas/cur síos atá go hiomlán i gceart.**

**2.** Áit a bhfuil rogha ceisteanna le freagairt (C5B), má fhreagraíonn iarrthóir níos mó ná aon cheist amháin, marcáil gach freagra agus bronn na marcanna ón bhfreagra is fearr.

**3.** I gceisteanna ina n-iarrtar ar an iarrthóir méid sonrach gnéithe/uirlisí a aithint/a ainmniú/a roghnú, cealaíonn gach freagra mícheart breise ceann ceart.

**Ceist 1 – (25 Marc)**

**Cúig sliocht ón gcéad ghluaiseacht de *Pianó Coinséartó in mórghléas A K488* le Mozart.**

**Sliocht 1 (barraí 236-244): Dlúthdhiosca 1 Rianta 3 – 5**

**(a)**

Fliúit; Clairinéid; Basúin;
Ceadaítear Pianó
(2 uirlis chearta ar bith)

2 + 2

**Sliocht 2 (barraí 244-260): Dlúthdhiosca 1 Rianta 6 - 8**

**(b)**

Suas le 2 mharc le haghaidh dhá dhifríocht bhailí idir an ceol sa sliocht seo agus an ceol i Sliocht 1.
Ní mór d'fhreagraí tagairt a dhéanamh don dá chuid agus don phointe céanna difríochta chun marcanna iomlána a fháil.

2 + 2

**Mar shampla:**

| | **Sliocht 2 (An Sliocht Seo)** | **Sliocht 1** |
|---|---|---|
| **Difríocht:** | Níor seinneadh an fonn ar gaothuirlisí<br>Ábhar 2B/1D<br>Gan aon ochtach briste ar an bpianó<br>Figiúirí trírínеacha ar an bpianó<br>Dord Alberti ar an bpianó<br>Dialóg ainteafanúil/aithris idir veidhlíní/téaduirlisí uachtaracha/fliúit agus an pianó<br>Scála leath-thonach ag dul in airde ar an bpianó<br>Sioncoipiú<br>Ag críochnú le leathdhúnadh | Seinneadh an fonn ar gaothuirlisí<br>Ábhar 2A/1C<br>Ochtacha briste ar an bpianó<br>Gan aon fhigiúr trírínеach ar an bpianó<br>Gan aon dord alberti ar an bpianó<br>Gan aon dialóg ainteafanúil/aithris idir veidhlíní/téaduirlisí uachtaracha/fliúit agus an pianó<br>Gan aon scála leath-thonach ag dul in airde ar an bpianó<br>Gan aon sioncóipiú<br>Ag críochnú le dúnadh foirfe |

Freagra atá ceart i bpáirt = 1m

**Sliocht 3 (barraí 261-265): Dlúthdhiosca 1 Rianta 9 – 11**

**(c)**



Tuinairde 0.5 X 4.
Rithim 0.5 X 4.
Marcáil na chéad cheithre nóta ó chlé go deas.

4

**Sliocht 4 (barraí 261-275): Dlúthdhiosca 1 Rianta 12 – 14**

**(d)**

Suas le 2m le haghaidh gach ceann de dhá ghné bhailí de cheol an phianó cloiste sa sliocht.

2+2

**Mar shampla, gné:**

Ag seinm an fonn (ag an tús); ag seinm tionlacan (nuair a thagann uirlisí eile isteach); cuntraphointeach (ag an tús) ; trílígh/ornáidiú/maisiú; seichimh; cordaí briste; rithim phoncaithe; sioncóipiú; gluaiseacht/sleachta leathchamáin; scálaí (suas/síos); léimeanna ochtacha; aithris; nótaí athdhéanta/ troitheánach (maisithe) (LH)

Ceadaítear dord alberti

Freagra atá ceart i bpáirt = 1m

| Sliocht 5 (barraí 275-284): Dlúthdhiosca 1 Rianta 15 – 17 | | |
|---|---|---|
| **(e)** | Suas le 3 mharc as cúis bhailí amháin a thacaíonn leis an ráiteas agus tagairt á déanamh don cheol a chloistear sa sliocht.<br>**Mar shampla:**<br>Seinm gáifeach ina raibh an t-aonréadaí páirteach ann; an bhraistint go raibh seinm as a seasamh ar siúl; tríleach fada á úsáid chun an cheolfhoireann tutti a thabhairt isteach; de bharr seo tá an t-éisteoir ag súil leis an gcaidéinse iomlán a tharlaíonn ní fada ina dhiaidh sin.<br><br>Scálaí suas; úsáid tríleach le hais na húsáide sa phríomhchaidéinse<br><br>Glac le freagra ceart ar bith a dhéanann comparáid idir an ceol agus caidéinse go ginearálta nó caidéinse sa saothar = 3<br>Cur síos ginearálta + tagairt tacaíochta don cheol = 3<br>Cur síos ginearálta = 1<br>Gné gan ceangail leis an caidéinse = 1<br><br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1m/2m | 3 |
| **(f)** | Dúnadh foirfe | 2 |
| **(g)** | Suas le 4m as déan cur síos ar aon ghné bhailí amháin den cheol a thagann díreach tar éis sliocht 5 sa ghluaiseacht.<br>Glac le haon tagairt cheart don cheol i mbarraí 284-297<br><br>Nóta: an gné agus roinnt mionsaothrú ag teastáil. D'fhéadfadh sin a bheith suíomh an gné, ainm(neacha) an uirlis(í) atá ceangailte leis an gné, nó cur síos níos mó ar an gné é féin<br><br>**Mar shampla:**<br>Filleann ceol an trasdul/ S1B/A2 ag an tús; seinntear téama forbartha/1E; ceolfhoireann amháin, ní ghlacann an t-aonréadaí páirt ann (cé is moite den chorda deiridh); ceolfhoireann amháin (ach tagann an pianó isteach i mbarra 297); athruithe ar dhinimic / gach re *f* agus *p*; dordlíne síos i vc &cb; nótaí athdhéanta sa téama/tionlacan; rithim phoncaithe; sioncóipiú; seichimh; nóta troitheánach (corn); sos dhá-bhuille.<br><br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1m/2m/3m | 4 |

<table>
<tr><th colspan="3">Ceist 2 - 10 marc</th></tr>
<tr><td colspan="3">Trí shliocht ó Symphonie Fantastique<br>le Berlioz</td></tr>
<tr><td colspan="3">Sliocht 1 (barraí 114-123): Dlúthdhiosca 1 Rianta 19 – 21</td></tr>
<tr><td>(a)</td><td>Trombóin<br>Ophicléides/Tiúba<br>Basún<br>(Aon uirlis cheart)</td><td>2</td></tr>
<tr><td>(b)</td><td>Seichimh</td><td>2</td></tr>
<tr><td colspan="3">Sliocht 2 (barraí 123-135): Dlúthdhiosca 1 Rianta 22 – 24</td></tr>
<tr><td>(c)</td><td>Suas le 2 mharc an ceann le haghaidh déan cur síos ar dhá ghné bhailí den tionlacan a chloistear sa sliocht.<br>Mar shampla, gné:<br>Tormáil thiompáin; dord-druma aiceannta i rith an sliocht; plimpeanna ciombail i rith an sliocht; plimpeanna ciombail as an buille; dord-druma as an buille; dord-druma ag dúbailt na ciombail; nótaí athsheinnte ar an trumpa; tagairt chruinn do rithim; tremolo/ tremolo sna téaduirlisí uachtaracha/ vln I, vln II agus Vla; tagairt chruinn do dhinimic; léim de 5<sup>ú</sup> sna tiompáin; gluaiseacht chéime sna téaduirlisí uachtaracha/ vln I, vln II & vla;<br><br>Tremolo sna téaduirlisí = 1<br><br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1m</td><td>2+2</td></tr>
<tr><td colspan="3">Sliocht 3 (barraí 135-140): Dlúthdhiosca 1 Rianta 25 – 27</td></tr>
<tr><td>(d)</td><td>Suas le dhá mharc le haghaidh déan cur síos ar an gcaoi a gcloistear inbhéartú sa sliocht seo.<br>Mar shampla:<br>Téaduirlisí ag seinm blúirí den téama Teacht Anuas i modh dul in airde/inbhéartaithe (in aoncheol).<br><br>Tagairt ghinearálta do inbhéartú gan aon tagairt a dhéanamh don chaoi ina gcloistear é sa cheol = 0m<br><br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1m</td><td>2</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| | **Ceist 3 – 10 Marc** | |
| | **Dhá shliocht ó S*eachanges (le Danse Macabre)* le Raymond Deane.** | |
| | **Sliocht 1 (barraí 93-112): Dlúthdhiosca 1 Rianta 29 – 31** | |
| **(a)** | Mairimbe<br>Veidhlín | 1+1 |
| **(b)** | (i) 1m le haghaidh míniú bailí ar *sul ponticello*.<br>**Mar shampla:**<br>Seinntear an bogha gar do/ thar/trasna/faoi/ar/ag an droichead (den veidhlín agus / nó den dordveidhil)<br><br>(ii) Veidhlín agus/ nó dordveidhil | 1<br><br><br><br>1 |
| **(c)** | Rogha 3: Seinneann an guíoró camáin | 2 |
| | **Sliocht 2 (barraí 144-157): Dlúthdhiosca 1 Rianta 32 – 34** | |
| **(d)** | Suas le 2 mharc le haghaidh gach déan cur síos ar dhá dhifríocht bhailí idir an ceol a chloistear sa sliocht seo (Sliocht 2) agus an ceol a chloistear i Sliocht 1.<br>Sna freagraí ní mór tagairt a dhéanamh don dá shliocht agus don phointe céanna difríochta.<br><br>**Mar shampla:** | 2 + 2 |

| | **Sliocht 2 (An Sliocht Seo)** | **Sliocht 1** |
|---|---|---|
| **Difríochtaí** | Fonn / *Dies Irae* ar an bhfliúit | Fonn / *Dies Irae* ar an mairimbe agus ar an veidhlín |
| | Fonn / *Dies Irae* leathchamáin den chuid is mó | Fonn / *Dies Irae* camáin den chuid is mó |
| | Gan aon ghuíoró | Seinneann guíoró |
| | Gan aon *sul ponticello* | *Sul ponticello* |
| | Gan aon fliúiteog | Fliúiteog |
| | Totentanz | Gan aon Totentanz / Danse Macabre |
| | Gan aon chanóin | Canóin |
| | Cordaí braisle (ar an mairimbe) | Gan aon chordaí braisle ar an mairimbe |
| | Cordaí braisle (ar an bpianó) | Gan aon chordaí braisle ar an bpianó |

Freagra atá ceart i bpáirt = 1m

| Ceist 4 – 10 marc | | |
|---|---|---|
| ***Sergeant Pepper's Lonely Hearts Club Band*** **ón albam album** ***Sergeant Pepper's Lonely Hearts Club Band*** **le the Beatles.** | | |
| **Lár agus Idircheol (barraí 18-34): Dlúthdhiosca 1 Rianta 36 – 38** | | |
| **(a)** | Suas le 2 mharc le haghaidh cur síos ar ghné bhailí amháin den cheol gutha sna línte 1-4.<br><br>**Mar shampla:**<br>Is camáin atá sa rithim den chuid is mó; tosaíonn an fonn ar bhuille suas; é canta in (2/3-páirt) armóin; nótaí athdhéanta; sioncóipiú; $3^{ú}$ maolaithe; $7^{ú}$ maolaithe; tagairt chruinn don rithim; siollach; raon cúng san fhonn; raon de 6ú san fhonn<br><br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1m | 2 |
| **(b)** | Rogha 2: airpéitse $D^7$ ag teacht anuas | 2 |
| **(c)** | Rogha 2:  | 2 |
| **(d)** | Suas le 2 mharc an ceann le haghaidh déan cur síos ar dhá ghné bhailí den tionlacan sna línte 7-11.<br><br>**Mar shampla:**<br>Bloc-chordaí; gluaiseacht chamáin; nótaí athdhéanta; athdhéanamh; gluaiseacht le céim agus le léim.<br><br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1m | 2 + 2 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ceist 5 – 25 Marc** | | | | | |
| **Sliocht 1: *Seán Sa Ceo* (beo), Gerry O' Connor ón albam, *Ceol Tacsi*<br>Dlúthdhiosca 2 Rianta 1 – 3** | | | | | |
| **(a)** | | **An cineál damhsa** | **Amchomhartha** | **Barra rithime** | 2+1+1 |
| | **Damhsa 1** | Ríl<br>Ceadaítear<br>Polca | $\frac{2}{4}$ $\frac{4}{4}$ $\frac{2}{2}$ | Barra rithime ceart ar bith | |
| **(b)** | bainseó | | | | 1 |
| **(c)** | Suas le 2 mharc as cur síos bailí ar aon ghné neamhthraidisiúnta de cheol a chloistear sa sliocht.<br>**Mar shampla:**<br>Cloistear tionlacan / cordaí/ armóin (ar an ngiotár/pianó)/homafónach; sioncóipiú á úsáid (sa tionlacan)<br><br>Freagra nach bhfuil go hiomlán ceart = 1m | | | | 2 |
| **Sliocht 2 - sliocht ó *Sliabh Geal gCua,* Karan Casey, ón albam *Ceol Tacsi*<br>Dlúthdhiosca 2 Rianta 4 - 6** | | | | | |
| **(d)** | Sean-nós | | | | 1 |
| **(e)** | Suas le 1 marc as aon cheann de dhá ghné bhailí den sean-nós atá le cloisteáil sa sliocht<br>**Mar shampla:**<br>Maisiú; rithim saor; aonréid/gan tionlacan/monafónach | | | | 1+1 |
| **(f)** | Rogha 1: 7ú maol | | | | 1 |
| **Sliocht 3 - Fonn mall: Liam Ó Raghallaigh – Mary Bergin<br>Dlúthdhiosca 2 Rianta 7 – 9** | | | | | |
| **(g)** | Fonn Mall | | | | 1 |
| **(h)** | Feadóg Stáin | | | | 1 |
| **(i)** | 1 mharc amháin le haghaidh dhá ghné thraidisiúnta bhailí den cheol atá le cloisteáil sa sliocht.<br>**Mar shampla:**<br>Maisiú; rithim saor; aonréid/gan tionlacan/monafónach; an nóta deireanach athdhéanta;scála mantach; módúil; raon leathan | | | | 1 + 1 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **5B** | **Suas le 10 marc do cháilíocht na bhfreagraí agus d'eolas ar an topaic a roghnaíodh.** | | **10** |
| | Sárfheasacht agus eolas mionsonraithe ar ghnéithe ceoil na topaice. | 10 | |
| | Eolas an-mhaith ar ghnéithe ceoil na topaice roghnaithe | 8-9 | |
| | Eolas maith ar an topaic, ach easpa mionsonraí. | 6-7 | |
| | Roinnt pointí ginearálta ar an topaic, ach gan go leor mionsonraí. | 4-5 | |
| | Freagairt neamhleor ar an iomlán don topaic roghnaithe. | 2-3 | |
| | Is beag an fhreagairt don topaic roghnaithe atá le haithint. | 1 | |
| | Ní léir aon fhreagairt don topaic roghnaithe. | 0 | |

<table>
<tr><th colspan="3">Ceist 6 – 20 Marc</th></tr>
<tr><th colspan="3">Sliocht 1 Totentanz - Finale le Liszt<br>Dlúthdhiosca 2 Rianta 11 – 13</th></tr>
<tr><td>(a)</td><td>Suas le 3 mharc le haghaidh cur síos bailí ar uigeacht an cheoil sa sliocht.<br>Ní gá tagairt a dhéanamh do na téarmaí monafónach agus / nó homafónach. Mar sin féin, má luaitear na téarmaí monafónach agus / nó homafónach sa fhreagra, caithfear marcanna iomlána a bhronnadh ar an déan cur síos.<br>Monafónach + homafónach + cur síos bhailí = 3<br>Monafónach + homafónach = 2<br>Monafónach/homafónach = 1<br>Cur síos bhailí = 3<br>Ilfhónach = 0<br>Ilfhónach + cur síos ceart ar an uigeacht = suas le 2 marc<br><br>Troitheán: (troitheán tiompáin), seinneann trumpa agus corn níos déanaí.<br>Séis: (i mbarra 4) vc agus cb ag seinm an séis (4-bharra), seinneann vla, vln agus ww níos déanaí;<br><br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1m/2m</td><td>3</td></tr>
<tr><th colspan="3">Sliocht 2 Totentanz - Finale le Liszt<br>Dlúthdhiosca 2 Rianta 14 - 16</th></tr>
<tr><td>(b)</td><td>Suas le 3 mharc as cur síos bailí de ghné den cheol pianó a chloistear sa sliocht.<br>Mar shampla:<br>Bloc-chordaí; scálaí/gluaiseacht chéime; cordaí aiceanta (in lh); nótaí staccato ; marcato; ísealairde in lh; ardairde in rh; fonn in lh; tionlacan in rh; nótaí/gluaiseacht leath-thonach<br><br>Glissando = 1<br><br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1m/2m</td><td>3</td></tr>
<tr><th colspan="3">Sliocht 3 - Totentanz - Finale le Liszt<br>Dlúthdhiosca 2 Rianta 17 – 19</th></tr>
<tr><td>(c)</td><td>Suas le 3 mharc as déan cur síos ar conas a chuireann an cumadóir damhsa an bháis in iúl sa cheol a chloistear sa sliocht.<br>Mar shampla:<br>Dinimic/crescendo á úsáid i dtreo dheireadh an tsleachta; triantán á úsáid;<br>luas tapaidh; rithim damhsa; staccato á úsáid; téaduirlisí pizzicato;<br>Foirceann na réime sa cheol pianó; figiúr tríríneach sna téaduirlisí;<br>réthionlacain ar pianó<br>Freagra atá ceart i bpáirt = 1m/2m</td><td>3</td></tr>
</table>

**Sliocht 4 - *Be Still My Soul* Tabernacle Choir**
**Dlúthdhiosca 2 Rianta 20 – 22**

**(d)**



Tuinairde 0.5 X 5.
Rithim 0.5 X 5.
Marcáil na chéad cheithre nóta ó chlé go deas.

5

**Sliocht 5 - *Be Still My Soul* Tabernacle Choir**
**Dlúthdhiosca 2 Rianta 23, 25, 27**
**Sliocht 6 *Finlandia* seinnte ag Ceolfhoireann Shiansach Pro Musica**
**Dlúthdhiosca 2 Rianta 24, 26, 28**

**(e)**

Suas le 3 mharc le haghaidh gach déan cur síos ar dhá dhifríocht bhailí idir an ceol a chloistear sa sliocht seo agus an ceol a chloistear i Sliocht 5.
Sna freagraí ní mór tagairt a dhéanamh don dá shliocht agus don phointe céanna difríochta.

3 + 3

**Mar shampla:**

| | **Sliocht 5** | **Sliocht 6** |
|---|---|---|
| **Difríochtaí** | Fonn canta ag guthanna (baineanna in aoncheo)l;<br>Guthanna;<br>Guthanna agus uirlisí;<br>cuntrashéis ar théaduirlisí;<br>téaduirlisí legato;<br>fonn legato;<br>(go measartha) fonn séimh;<br>(go measartha) téaduirlisí séimhe;<br>Luas mall;<br>Gléas éagsúil (mórghléas F);<br>Gléas níos ísle | Fonn seinnte ar ghaothuirlisí adhmaid /fliúit/óbó/clairinéad;<br>Gan aon guthanna;<br>Uirlisí amháin;<br>cuntrashéis ar an mbasún;<br>téaduirlisí tremolo;<br>fonn legato agus staccato;<br>(go measartha) fonn glórach;<br>téaduirlisí an-séimh;<br><br>luas níos tapúla;<br>gléas éagsúil (i mórghléas A maol);<br>gléas níos airde |

Freagra atá ceart i bpáirt = 1m/2m

| Gné | | Tuairiscíní | Marc | Iom. |
|---|---|---|---|---|
| **Páipéar** | **1** | Ainm na topaice | - | **100** |
| | **2-4** | • Feasacht shármhaith agus eolas mionsonraithe ar ghnéithe ceoil na topaice.<br>• Tagairt shármhaith déanta don deich sliocht cheoil ar fad ar an taifeadadh fuaime a ghabhann leis a chuireann an ghné (na gnéithe) a pléadh in iúl.<br>• Taighde sármhaith le haithint, agus freagairt phearsanta shármhaith.<br>*Foinsí iontacha agus tagairt shármhaith do phíosaí ceoil/do chumadóir/don taibheoir.* | 85 - 100 | |
| | | • Sárfheasacht agus eolas mionsonraithe ar ghnéithe ceoil na topaice.<br>• Tagairt shármhaith déanta don deich sliocht cheoil ar fad ar an taifeadadh fuaime a ghabhann leis a chuireann an ghné (na gnéithe) a pléadh in iúl.<br>• Taighde an-mhaith déanta, agus freagairt phearsanta an-mhaith.<br>*Foinsí iontacha agus tagairt shármhaith do phíosaí ceoil/do chumadóir/don taibheoir.* | 70 - 84 | |
| | | • Eolas maith ar ghnéithe ceoil na topaice roghnaithe, ach mionsonraí in easnamh.<br>• Tagairt shármhaith déanta do na sleachta ceoil ar fad / nó do chuid díobh ar an taifeadadh fuaime a ghabhann leis a chuireann an ghné (na gnéithe) a pléadh in iúl.<br>• Taighde sármhaith mar fhianaise agus freagairt mhaith phearsanta.<br>*Foinsí iontacha agus tagairt shármhaith do phíosaí ceoil/do chumadóir/don taibheoir.* | 55 - 69 | |
| | | • Roinnt pointí ginearálta ar an topaic ach gan aon mhionsonraí ann.<br>• An topaic roghnaithe róleathan chun freagairt phearsanta agus mionsonraí iomchuí a bheith ann.<br>• Tagairt áirithe do ghnéithe ceoil na topaice nó do thaifeadtaí ceoil.<br>• Ní thugann na sleachta taifeadta léargas ar gnéithe san aiste.<br>*Úsáid bainte as foinsí ginearálta, ach gan aon fhócas ar leith ann.*<br>*Tagairt áirithe do phíosaí ceoil/do chumadóir/don taibheoir.* | 40 - 54 | |
| | | • Freagairt neamhleor ar an iomlán don topaic roghnaithe.<br>• Gan aon fhianaise den taighde nó de fhreagairt phearsanta.<br>• Gan aon tagairt do ghnéithe ceoil na topaice<br>• Gan aon tagairt do thaifeadtaí ceoil.<br>*Foinsí easnamhacha liostaithe agus tagairt easnamh do phíosaí ceoil/do chumadóir/do thaibheoir.* | 25 - 39 | |
| | | Gan mórán de fhreagairt don topaic roghnaithe le feiceáil. | 10 - 24 | |
| | | Ní léir aon fhreagairt don topaic roghnaithe. | 0 - 9 | |

**Tagair do Shiollabas Ceoil na hArdteistiméireachta, leathanach 12 – 2.3.5.**